C/2025/5641

20.10.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5641)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Valcalepio'

PDO-IT-A1366-AM03 — 1.8.2025

1. **Ainm an táirge**

'Valcalepio'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Earraí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnítear gur shásaigh faomhadh agus cur in iúl an leasaithe chaighdeánaigh seo na coinníollacha d'fhaomhadh leasaithe chaighdeánaigh faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha a glacadh dá bhun sin.

Thairis sin, comhlíonann an leasú an sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, óir nach ceann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) den Rialachán sin é.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Tugtar tásc ar an téarma 'Riserva'*

Úsáidtear an téarma 'Riserva' cheana féin sa tsonraíocht agus forchoimeádtar é d'fhíonta 'Valcalepio rosso' ag a bhfuil luachanna níos airde ó thaobh íosneart alcóil de de réir toirte agus aosaithe, chomh maith le saintréithe difriúla arna scaoileadh lena dtomhailt. D'fhonn feasacht a mhúscailt faoin 'Riserva', moltar é a aibhsiú mar chineál sonrach.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le tásca geografacha a chlárú agus a chosaint, sainearraí traidisiúnta a áirithiú agus téarmaí roghnacha cáilíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Baineann an leasú sin le hAirteagail 1, 2, 4 agus 5 den tsonraíocht táirge agus an roinn maidir le 'Cleachtais fhíoneolaíocha – Uasmhais táirgeachta' den doiciméad aonair.

2. *Leasú ar an meascán cineálacha fíonchaor i gcás 'Valcalepio rosso'*

Is é an togra an meascán cineálacha in 'Valcalepio rosso' a athrú tríd an gcóimheas idir Merlot agus Cabernet sauvignon a athrú i bhfabhar Merlot. Titeann an t-íoschéatadán C. sauvignon ó 25 % go 10 %, agus méadaítear an t-uaschéatadán Merlot ó 75 % go 90 %. Tá gá leis an leasú sin d'fhonn teorainn a chur leis na deacrachtaí atá nasctha le soghabháltacht Cabernet sauvignon i leith galair adhmaid (go háirithe na galair iosca), galar a chuireann líon síormhéadaitheach plandaí ó mhaith gach bliain, óna dtagann teipeanna, fíonghoirt d'aoiseanna míchothroma agus na fadhbanna teicniúla eacnamaíocha comhbhainteacha. Táthar ag beartú freisin foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht suas le 15 % de chineálacha dúchasacha eile a úsáid (Franconia, Incrocio Terzi agus Merera) nó iad siúd a bhfuil nasc acu leis an traidisiún áitiúil (Rebo) d'fhonn an nasc leis an gceantar áitiúil a neartú. Rogha amháin, laistigh den chuóta roghnach 15 % sin, is ea Petit verdot, dóibh siúd ar fearr leo cumasc ar stíl idirnáisiúnta níos mó a choinneáil ar bun. Níl na hathruithe sin, arna ndeimhniú ag seisiúin bhlaiste atá déanta ag an gcuibhreannas, de chineál a chuireann athrú suntasach ar phróifíl an fhíona, a fhágtar inaitheanta dá réir.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn maidir leis na 'Cineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

3. *Leasú ar an meascán cineálacha fíonchaor i gcás 'Valcalepio rosso Riserva'*

Is é an togra an meascán cineálacha in 'Valcalepio rosso Riserva' a athrú tríd an gcóimheas idir Merlot agus Cabernet sauvignon a athrú i bhfabhar Merlot. Titeann an t-íoschéatadán C. sauvignon ó 25 % go 10 %, agus méadaítear an t-uaschéatadán Merlot ó 75 % go 90 %. Tá gá leis an leasú sin d'fhonn teorainn a chur leis na deacrachtaí atá nasctha le soghabháltacht Cabernet sauvignon i leith galair adhmaid (go háirithe na galair iosca), galar a chuireann líon síormhéadaitheach plandaí ó mhaith gach bliain, óna dtagann teipeanna, fíonghoirt d'aoiseanna míchothroma agus na fadhbanna teicniúla eacnamaíocha comhbhainteacha.

Ní cheadaítear aon chineál fíonchaor eile sa Riserva, óir tá siad in 'Valcalepio Rosso', d'fhonn na cumais níos 'idirnáisiúnta' ar stíl Bordeaux a chaomhnú, agus lena idirdhealú ó 'Valcalepio rosso'.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

4. *Leasú ar an meascán cineálacha fíonchaor i gcás 'Valcalepio Moscato Passito'*

Táthar ag beartú an meascán cineálacha a athrú i gcás 'Valcalepio Moscato Passito', lena laghdaítear íoschainníocht Moscato ó 100 % go 85 % agus lena dtugtar cuóta 15 % d'úsáid na gcineálacha fíonchaor a údaraítear dá saothrú i Réigiún an Lombairde. Déantar foráil leis sin maidir leis an bhféidearthacht miondifríochtaí nua a thabhairt isteach do phróifíl orgánaileipteach chun go mbeadh na fíonta sin níos suaithinsí, go háirithe maidir le DOCG, agus an fhéidearthacht a thabhairt do tháirgeoirí méaduithe beaga a dhéanamh ar tháirgeadh, más gá.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

5. *Baint na tagartha d'ithreacha ina bhfuil sileacan agus cré le fáil den chuid is mó*

Mar riail ghinearálta, tá cineál créúil ar an limistéar táirgeachta Valcalepio ina iomláine: tá cuma athluaiteach ar an tagairt d'ithreacha sileacan-chréúla, agus dá bhrí sin níltear ag moladh í a léirscriosadh de ghrá na simplíochta amháin.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

6. *An uasairde a ardú don saothrú*

Ardaítear an uasairde don saothrú ó 500m go 600m os cionn leibhéal na mara i gcás fíonchaora dearga uile agus ó 600m go 700m os cionn leibhéal na mara i gcás Chardonnay, Pinot bianco agus Pinot grigio.

Is gá an limistéar saothrúcháin a bhogadh chuig airde níos airde mar a n-aimsítear teochtaí níos fionnuaire i rith an tsamhraidh. Is gá an leasú seo d'fhonn fadhbanna an téimh dhomhanda a mhaolú, rud is féidir dlús a chur leis na próisis fhiseolaíocha san fhíniúin, atá ina chúis le strus agus meathlú ar na saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha de na húrfhíonta. Is treise i bhfad na hiarmhairtí sin ag airde níos ísle.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

7. *Sonraíocht maidir leis an bhféidearthacht uisciú éigeandála a úsáid*

Measter gur gá é sin a shonrú, cé go ndéantar foráil maidir leis sin de réir an dlí.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

8. *Uastáirgeacht fíonchaor a thabhairt isteach in aghaidh an heicteáir i gcás 'Valcalepio Riserva' agus méadú ar an uastáirgeacht fíonchaor in aghaidh an heicteáir i gcás 'Valcalepio bianco' agus 'Valcalepio Moscato Passito'*

Óir cuireadh i dtábhacht an cineál 'Valcalepio Riserva', sonraítear an uastáirgeacht fíonchaor in aghaidh an heicteáir (9 dtona/heicteár), táirgeacht atá níos ísle ná an figiúir i gcás 'Valcalepio rosso' (tá na táirgeachtaí fíonchaor comhionann faoi láthair, i gcás an Riserva freisin) chun tacú leis an smaoineamh nach mór don Riserva a bheith ina rogha fíonta agus fíonchaor de cháilíocht níos airde, ag tosú ón bhfíonghort féin.

Táthar ag beartú an uastáirgeacht a mhéadú ó 9 dtona go 10 dtona in aghaidh an heicteáir i gcás 'Valcalepio bianco' d'fhonn spreagadh a thabhairt do chothabháil na leibhéal aigéadachta níos airde, lena mbaineann an claonadh méadú le hardú ar theochtaí agus lena mbaineann tábhacht ar leith i bhfíonta geala chun úire agus taitneamhacht ólacháin a áirithiú.

Táthar ag beartú an uastáirgeacht a mhéadú ó 6,5 tona go 7 dtona in aghaidh an heicteáir i gcás 'Valcalepio Moscato Passito'. Dá thoradh an mhéadaithe sin, laghdaítear an táirgeacht fháiscthe (ó 40 % go 35 %). Leis an leasú sin áirithítear méadú ar cháilíocht na n-úrfhíonta a fhaightear agus laghdú foriomlán ar an táirgeacht deiridh fíonta ó gach aonad achair.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge agus an roinn maidir le 'Cleachtais fhíoneolaíocha – Uasmhais táirgeachta' den doiciméad aonair.

9. *An táirgeacht fíonóireachta 'Valcalepio Riserva' a chur san áireamh, agus laghdú ar thoradh fíonóireachta 'Valcalepio Moscato passito'*

Óir cuireadh 'Valcalepio Riserva' i dtábhacht, sonraítear táirgeacht fhíonóireachta 70 %.

I bhfianaise méadaithe ar tháirgeacht fíonchaor 5 chéad cileagram, laghdaíodh an táirgeacht fhíonóireachta 'Valcalepio Moscato passito' ó 40 % go 35 %.

Leis an leasú seo déantar an tsonraíocht níos comhsheasmhaí leis na cúinsí sa siléar fíonta. I gcás an chineáil seo, is gnáth go mbíonn táirgeacht fíonóireachta idir 30 agus 35 %.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

10. *Úsáid bheartaithe na gcainníochtaí barrachais*

Sonraítear úsáid bheartaithe na gcainníochtaí barrachais 'Valcalepio bianco' agus 'Valcalepio rosso'. Féadfar an méid sa bhreis ar 70 % agus suas le 75 % a athaicmiú faoi TGI Bergamasca.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

11. *Athrú ar na dátaí d'eisiúint 'Valcalepio Moscato passito' lena thomhailt*

Athrú ar na dátaí d'eisiúint 'Valcalepio Moscato passito' lena thomhailt, ó 12 Bealtaine go 1 Aibreán.

Má thugtar an dáta ar aghaidh beagán, ní dhéantar difear do phróifíl orgánaileipteach an fhíona, ach éiríonn rudaí níos éasca ó thaobh na margaíochta de.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht agus leis an roinn den doiciméad aonair 'Cleachtais fíonóireachta - Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha'.

12. *Athrú ar pharaiméadair cheimiceacha, fhisiceacha agus orgánaileipteacha an chineáil 'Valcalepio Moscato passito'*

Tá an tagairt do 'iarbhlas beag d'almóinní' scriosta chun go mbeidh an tuairisc níos oiriúnaí do phróifíl na bhfíonta atá ar an margadh faoi láthair.

Rinneadh na tagairtí don íosneart alcóil de réir toirte agus don uasmhéid siúcra iarmharaigh a scriosadh chun saoirse léirmhíniúcháin níos mó a áirithiú do tháirgeoirí.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus leis an roinn 'Tuairisc ar an bhfíon (ar na fíonta)' den doiciméad aonair.

13. *Baint na srianta ar chineálacha dúntóirí agus cineálacha buidéal agus méadú ar an uastoirt bhuidéalúcháin de 'Valcalepio Moscato passito'*

Féadfar roghanna malartacha ar dhúntóirí traidisiúnta coirc a úsáid, agus is féidir cruth buidéil ar bith a úsáid. Ceadaítear dá réir sin saoirse níos mó léirmhíniúcháin agus margaíochta.

Ina theannta sin, táthar tar éis an uastoirt bhuidéalúcháin i gcás 'Valcalepio Moscato passito' a ardú ó 0,75 l go 3,0 lítear, rud a thairgeann níos mó deiseanna do thomhailt agus saoirse níos mó ó thaobh margaíochta de.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

14. *Tásca an chomhlachta cigireachta a thabhairt cothrom le dáta*

Tar éis na leasuithe a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, ní áirítear le hinneachar éigeantach na sonraíochta táirge a thuilleadh ainm agus seoladh na n-údarás nó na gcomhlachtaí lena bhfíoraítear comhlíontacht leis na forálacha den tsonraíocht táirge agus lena gcumhachtaí.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, cuirfidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil, na gcomhlachtaí tarmligthe agus daoine aiceanta ar fáil go poiblí, dá dtagraítear in Airteagal 39(3) den Rialachán sin le haghaidh gach táirge a ainmnítear le tásc geografach agus an fhaisnéis sin a choinneáil suas chun dáta.

Dá bhrí sin, leasaíodh an t-airteagal le tagairtí don chomhlacht cigireachta, ag teacht in ionad na faisnéise sin trí thagairt a dhéanamh don fhoilsiú ar shuíomh gréasáin údarás inniúil an Bhallstáit.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

15. *Leasuithe foirmiúla ar an tsonraíocht táirge*

Rinneadh leasuithe foirmiúla ar airteagail na sonraíochta táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Valcalepio

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

(1) Fíon

(15) Fíon ó fhíonchaora rísínithe

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi fho-cheannteideal uimh. 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

4.1. *'Valcalepio bianco'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: buí ar dhath na tuí le déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíneáilte, suaithinseach; blas: tirim, comhchuí, suaithinseach;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18.0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.2. *'Valcalepio rosso'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: dian, deas, suaithinseach;

Blas: tirim, iomlán, comhchuí, buan;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,00 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.3. *'Valcalepio Rosso Riserva'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil, agus dath an ghairnéid ag teacht air;

Dea-bholadh: boladh d'éitir, domhain, suaithinseach; blas: tirim, tathagach, mín, comhchuí, buan;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 12,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4.4. *'Valcalepio Moscato passito'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil, a fhéadann dul i dtreo na silíní le himreacha an ghairnéid air;

Dea-bholadh: fíneáilte, aramatach, dian, suaithinseach;

Blas: milis, deas, comhchuí;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 17,00 %;

Íosmhéid siúcra iarmharaigh: 30.0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Tréimhse íosta teacht chun cineáil: 'Valcalepio rosso'

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ní mór ATFC 'Valcalepio rosso' a chur faoi thréimhse éigeantach teacht chun cineáil 1 bhliain amháin ar a laghad sula scaoiltear lena thomhailt é, lena n-áirítear 3 mhí ar a laghad i mbairillí adhmaid ón 1 Samhain an bhliain inar táirgeadh na fíonchaora.

2. Tréimhse íosta teacht chun cineáil: 'Valcalepio rosso riserva'

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ní mór STFC 'Valcalepio rosso' a chur faoi íostréimhse éigeantach teacht chun cineáil 3 bliana sula scaoiltear lena thomhailt é, lena n-áirítear 1 bhliain amháin ar a laghad i mbairillí darach. Féadtar é a scaoileadh lena thomhailt ón 1 Samhain den tríú bliain tar éis bhliain na buainte.

3. Tréimhse íosta teacht chun cineáil: 'Valcalepio Moscato passito'

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ní féidir an fíon 'Valcalepio Moscato passito' a scaoileadh lena thomhailt roimh an 1 Aibreán den dara bliain tar éis na bliana inar táirgeadh na fíonchaora.

5.2. *Uastáirgeacht*

(1) ATFC 'Valcalepio bianco'

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

(2) ATFC 'Valcalepio rosso'

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

(3) ATFC 'Valcalepio rosso riserva'

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

(4) ATFC 'Valcalepio Moscato passito'

7 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór fíonchaora atá beartaithe do tháirgeadh na bhfíonta ATFC 'Valcalepio' a tháirgeadh laistigh den limistéar a shainítear mar a leanas: Ag tosú ó bhéal an tsrutháin ar a dtugtar Rino, a théann isteach go Loch Iseo i mbardas Predore, leanann an líne teorann in aghaidh srutha chuig an gcosán isteach go I Vasti. Leanann sí an cosán sin siar chomh fada le Gleann Duago, agus trasnaíonn sí airdí ag 340, 504 agus 501 m. Leanann sí an cosán ansin feadh taobh an chnoic go dtí go mbuaileann sí le teorainn riaracháin na mbardas Sarnico agus Predore. Leanann sí ar aghaidh feadh an chosáin chomh fada le Gleann Canola, agus ina dhiaidh sin, tar éis di dul suas taobh an ghleann ar feadh tamall gairid chomh fada leis an gcomhrian 225 m go dtí go mbuaileann sí leis an gcosán chuig La Forcella, gar do bhunaíocht Saoirse Villaggio. Ón bpointe úd ar aghaidh, leanann an líne teorann an cosán go Le Forcella chomh hard le 398 m. Nascann sí ansin le cosán an bhardais, a shroicheann airde 360 m tar éis dó an teorainn riaracháin a thrasnú idir na bardais Sarnico agus Viadanica. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann sí ó thuaidh chomh fada le Valle Maggiore ag airde 333 m. Casann sí soir ó dheas ansin, agus í ag leanúint an chosáin i dtreo Scotti, Riva agus Case Rasetti, agus leanann sí ar aghaidh ansin go dtí go mbuaileann sí sruthán Guerna gar d'airde 308 m. Leanann sí in aghaidh srutha ansin, ag gabháil trí Ambrogi, Forna agus Dumengoni, sula sroicheann sí Segrone Basso. Ón bpointe sin ar aghaidh leanann sí an cosán siar go dtí go mbuaileann sí ag airde 500 m an bóthar Colli de San Fermo, bóthar a leanann i dtreo siar ó dheas chomh fada le hairde 548 m. Leanann sí ansin conair na gcairteacha chuig airge 576 m i gceantar Costa, agus tagann sí chuig Rio Valle Fienile Biboli ag 604 m. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann an líne teorann an cosán chuig Mascherpigna, chomh fada le Col Croce ag 669 m, mar a mbuaileann sí an teorainn riaracháin idir na bardais Foresto Sparso agus Berzo San Fermo. Leanann sí an teorainn chomh fada le Campo Alto, ansin feadh na teorann riaracháin idir na bardais Entratico agus Berzo San Fermo agus ansin idir Entratico agus Borgo di Terzo chomh fada le habhainn Cherio. Leanann sí an abhainn le sruth chomh fada lena cumar le sruthán Bragazzo. Dreapann sí suas an sruth chuig ceantar Costa, mar a nascann sí leis an gcosán feadh taobh an chnoic os cionn Redonina, trasnaíonn sí an teorainn riaracháin idir na bardais Luzzana agus Trescore Balneario sula leanann sí ar aghaidh chomh fada le Madonna del Mirabile trí mheán airde 482 m agus fuarán La Piazzola ag airde 412 m. As Madonna del Mirabile, leanann an teorainn an comhrian 400 m chomh fada le Val di Carpan, leanann sí siar ar an gcosán i dtreo Sant'Ambrogio agus trasnaíonn sí an teorainn riaracháin idir na bardais Trescore Balneario agus Cenate Sopra, sula nascann sí le conair na gcairteacha chuig Cascina Zagni. Ón gconair chairteacha sin leanann sí i dtreo ó thuaidh feadh an chosáin chuig fuarán Cop, ansin, trí mheán airde 620 m agus airde 508 m, na ceantair Plasso agus Foppa, tagann sí chuig bun an ghleanna Calchera. Leanann sí ansin feadh an chosáin, ag gabháil trí Locanda ag airde 398 agus 454 m, le Ca' Pessina a bhaint amach (airde 537 m). Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann sí an cosán, a thrasnaíonn, trí mheán Pian Blanchet, airde 583 m agus aire 686 m, an teorainn riaracháin idir na bardais Cenate Sopra agus Scanzorosciate chuig airde 502 m. Ón bpointe sin casann sí siar chun aontú leis an gcosán atá ann cheana, a thrasnaíonn an teorainn riaracháin idir na bardais Scanzorosciate agus Nembro go dtí go sroicheann sí airde 633 m. Casann sí siar ó thuaidh, nascann sí leis an gcosán a thagann go dtí an droichead thar abhainn Serio, abhainn a leanann sí feadh an chodáin iomláin den teorainn riaracháin idir na bardais Nembro agus Villa al Serio go dtí go mbuaileann sí an teorainn riaracháin idir na bardais Nembro agus Alzano Lombardo. Leanann sí an teorainn sin ó thuaidh chomh fada le hairde 378 m, ansin casann sí siar chuig airde 698 m, mar a gcasann sí ó dheas go dtí mbuaileann sí le Cascina Frontale. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann

an líne theorann conair na gcairteacha idir Alzano agus Lonno i dtreo Mottarello, agus leanann an bóthar chuig Brumano ansin, bóthar a leanann sí ó thuaidh go dtí airde 559 m, áit a leanann sí an cosán, a thosaíonn ar airde 559 m, agus trasnaíonn sí gleann Nese chun teacht chuig airde 551 m. Leanann sí an bóthar nuathógtha ansin i dtreo Monte de Nese chomh fad leis an ngabhal chuig Olera. As sin ar aghaidh, leanann sí chomh fada le Stocchi ar an mbóthar Olera agus Busa. Gar do Stocchi, sníonn sí feadh na teorann riaracháin idir Ponteranica agus Alzano Lombardo, agus leanann sí feadh na teorann idir Ponteranica agus Ranice agus ansin feadh na teorann idir Ponteranica agus Torre Boldone, chuig airde 657 m, áit a nascann sí le conair chairteacha chuig Ca' della Maresana. Ón gceantar sin ar aghaidh leanann sí an cosán, a thagann trí mheán airde 486 agus 437 m, ag sruthán Morla. Dreapann sí suas an sruthán chuig airde 558 m (Buso della Porta) áit a leanann sí feadh an chosáin atá ann cheana chomh fada le Castello della Moretta, sula leanann sí soir ó thuaidh feadh chonair na gcairteacha chuig Ca' del Latte. Leanann sí an líne ansin, a ghabhann thar Roccolo agus a thrasnaíonn an teorainn idir Ponteranice agus Sorisole ag airde 760 m, a shroicheann 644 m ag an gceantar Comunelli Catene Val de Bareden, agus ansin leanann feadh bhóthar an ghleann chomh fada le via Botta ag airde 524 m. Ó airde 524 m ar aghaidh, leanann an teorainn feadh an chosáin, téann sí thar Monti della Calchera, a shroicheann conair chairteacha Colle Barbino, conair a leanann sí chuig airde 432 m. Ón airde sin ar aghaidh, leanann sí go sealadach an comhrian 432 m chomh fada leis an teorainn riaracháin idir na bardais Sorisole agus Villa d'Almé, áit a mbuaileann sí leis an gcosán agus a leanann sí é, ag gabháil thar cheantair Foresto Secondo, Piazzola agus Cascina Belvedere, agus tagann go dtí Bruntino Alto. Uaidh sin leanann sí an líne chuig uiscerian Algua ag airde 368 m. Leanann sí an t-uiscerian chomh fada le Ventolosa, áit a leanann sí go sealadach an bóthar Valle Brembana chomh fada leis an acomhal chuig Valle Imagna. Leanann sí feadh an bhóthair sin go dtí go mbuaileann sí abhainn Brembo agus an teorainn riaracháin idir Almenno San Salvatore agus Villa d'Almé. Leanann sí an teorainn in aghaidh srutha feadh abhainn Brembo go dtí an cumar leis an sruthán Imagna, áit a mbuaileann sí leis an teorainn idir Almenno San Salvatore agus Ubiale Clanezzo, teorainn a leanann sí go dtí go mbuaileann sí leis an teorainn idir Strozza agus Ubiale Clanezzo. Leanann sí ar aghaidh ansin feadh na teorann riaracháin idir Strozza agus Almenno San Salvatore go dtí go mbuaileann sí leis an gcosán atá an cheana agus go leanann sí é i dtreo Ca' Madonnina. Trasnaíonn sí an teorainn idir Almenno San Salvatore agus Almenno San Bartolomeo, agus gabhann sí ansin trí cheantair Ca' Purricchio, Albelasco, Cageroli agus Camutoglia go dtí go mbuaileann sí leis an teorainn riaracháin idir Almenno San Bartolomeo agus Palazzago. Leanann sí ar aghaidh ó dheas ansin feadh na teorann sin chomh fada leis an droichead thar shruthán Borgogna, droichead a leanann sí in aghaidh srutha chuig an droichead le sruth ó shéipéal paróiste Palazzago ar an mbóthar i dtreo Brocchione, ansin sroicheann sí an sruth é féin, in aghaidh srutha ón gcosán, thiar ó Monte Brocchione, an cosán ón gceantar leis an ainm céanna le Monte Valmora. Leanann sí an cosán thuasluaite chomh fada leis an teorainn riaracháin idir na bardais Palazzago agus Pontida, agus ansin an teorainn idir na bardais sin chomh fada leis an teorainn le bardas Caprino Bergamasco. Uaidh sin leanann sí an teorainn idir an bardas sin agus Pontida chomh fada leis an bpríomhbhóthar idir Bergamo agus Lecco, ansin díríonn sí soir feadh an bhóthair sin chuig Mainistir Pontida agus an bóthar a théann ón Mainistir chuig ceantar Canto. Sníonn sí ansin feadh an chosáin i dtreo Cascina Porcile chuig an teorainn riaracháin idir Pontida agus Sotto il Monte Giovanni XXIII, sula leanann sí an teorainn sin chuig an teorainn le Carvico. Uaidh sin, leanann sí an teorainn idir Carvico agus Pontida chomh fada leis an teorainn riaracháin le Villa d'Adda, agus ansin an teorainn idir Villa d'Adda agus Pontida chomh fada leis an mbóthar ó Odiago chuig Villa d'Adda. Leanann sí an bóthar sin chomh fada le Villa d'Adda – Carvico – Brusicco – Gerole Catolare agus ansin an cosán ón mbóthar sin go dtí ceantar Piana, óna leanann sí an bóthar ón gceantar sin chuig Camaitone, chuig an mbóthar ó Villa Gromo chuig Camozzaglio agus ansin an bóthar sin chuig an gcasadh ar Ca' Rossa. Uaidh sin, casann sí i dtreo Ca' Rossa agus ansin an cosán agus conair na gcairteacha chuig Mapello. Uaidh sin, leanann sí an bóthar idir Mapello agus Ambivere chomh fada leis an teorainn le bardas Palazzago, agus ansin an teorainn idir Palazzago agus Ambivere chomh fada le bóthar Val San Martino. Leanann an líne theorann ansin feadh an bhóthair chuig Brughiera agus Gromlongo chomh fada leis an gcasadh i dtreo an cheantair Baracche, áit a gcasann sí i dtreo an cheantair agus a leanann sí an bóthar chuig San Sosimo – Barzana – Palazzago chomh fada leis an teorainn idir Palazzago agus Barzana. Leanann sí an teorainn chomh fada leis an teorainn leis an mbardas Almenno San Bartolomeo agus ansin feadh an tsrutháin Lesina chomh fada le bóthar bardasach Barzana – Almenno San Bartolomeo, a leanann sí chuig an gceantar Quadrivio. Uaidh sin, leanann í conair na gcairteacha, ag gabháil faoi bhun reilig Almenno San Bartolomeo, sroicheann sí an sruthán Tornago, sruthán a leanann sí go dtí go mbuaileann sí abhainn Brembo. Leanann sí ansin feadh na teorann riaracháin idir na bardais Almé agus Paladina go dtí go mbuaileann sí leis an sruthán Guisa ag airde 281 m. Uaidh sin leanann sí feadh an bhóthair, ar thrasnú Sombreno agus ar ghabháil thar airde 277 m agus 275 m agus Cascina Merleta, go dtí go dtagann sí chuig Cascina Morlani gar d'airde 287 m. Uaidh sin leanann sí an teorainn riaracháin idir na bardais Valbrembo agus Mozzo siar chuig airde 257 m. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann sí ó dheas feadh an bhóthair, ag gabháil thar an bpointe airde 254 m agus trí lár Mozzo, ag gabháil ansin thar an bpointe airde 251 m le teacht chuig líne iarnróid Bergamo – Ponte San Pietro. Leanann sí siar feadh na líne iarnróid chomh fada le stáisiún Bergamo ag airde 248 m. Leanann sé ansin soir ó thuaidh feadh na líne iarnróid díchoimisiúnaithe (atá marcáilte le daiseanna dubha), cuid d'iarnród Valle Seriana, a bhuaileann trí mheán airde 261, 269 agus 278 m, an teorainn riaracháin idir na bardais Torre Boldone agus Ranica. Uaidh sin leanann sí feadh na teorann sin go dtí go mbuaileann sí le canáil uisciúcháin Guidana, agus téann as sin ar

aghaidh feadh na teorann idir na bardais Ranice agus Gorle go dtí go mbuaileann sé le habhainn Serio. Leanann sí ar aghaidh ansin soir ó thuaidh feadh bhóthar nua Scanzorosciate go dtí go mbuaileann sí canáil uisciúcháin Borgogna, canáil a leanann sí soir ó dheas trí mheán airde 247 m agus 250 m. Buaileann sí an cuarbhóthar agus leanann sí chomh fada le bóthar SS42 é, Via del Tonale e della Mendola. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann an líne theorann an SS42 siar go dtí go mbuaileann sí leis an teorainn riaracháin idir na bardais Albano Sant'Alessandro agus Pedrengo. Leanann sí an teorainn ó dheas ansin go ceann tamall gairid go dtí go mbuaileann sí leis an líne iarnróid Bergamo – Brescia. Leanann sí feadh na líne iarnróid siar go dtí go mbuaileann sé le bóthar Comonte. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann an líne theorann feadh an bhóthair sin ó dheas, ag gabháil thar an bpointe airde 246 m agus ceantar Comonte. Buaileann sí le bóthar Brusaporto agus Bagnatica ag km 7 000 agus leanann sé soir ó dheas feadh an bhóthair, ag gabháil thar airde 232 m, Brusaporto, airde 223 agus Bagnatica sula sroicheann sé an bóthar go Montello ag airde 217 m. Leanann sí soir ó thuaidh feadh an bhóthair go Montello agus trasnaíonn an líne iarnróid Bergamo – Brescia ag airde 222 m. Leanann sí an líne iarnróid i dtreo soir ó dheas, trí mheán airde 228 m agus 227 m go dtí go mbuaileann sí le habhainn Cherio (airde 226 m). Leanann sí ó dheas ansin feadh abhainn Cherio go dtí go mbuaileann sí mótarbhealach Bergamo – Brescia, óna leanann sí an mótarbhealach soir ó dheas go dtí go mbuaileann sí an líne iarnróid Bergamo – Brescia ag airde 201 m. Uaidh sin, leanann an teorainn soir ó dheas feadh líne iarnróid Bergamo – Brescia go dtí go mbuaileann sí leis an teorainn idir cúigí Bergamo agus Brescia. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanann sí ó thuaidh feadh na teorann chomh fada leis an droichead thar abhainn Oglio i mbardas Sarnico, gar d'airde 188 m. Uaidh sin leanann sí bruach Loch Iseo i gcúige Bergamo i dtreo soir go dtí go mbuaileann sí béal an Rino i mbardas Predore, an áit ar thosaigh sí. Tá na limistéir seo a leanas eisiata ón limistéar thuasluaite:

(1) Ón reilig ag Palazzago, lín a leanann an bóthar i dtreo bhardas Brocchione chomh fada leis an droichead óna n-imíonn an cosán chuig Monte Picco, suas go dtí Monte Picco féin. Leanann an líne ansin an cosán i dtreo Cascina Posviolta, ansin an cosán chuig Montebello, sula leanann sí sruth Borgogna le sruth chomh fada leis an teorainn idir Barzana agus Palazzago, a leanann sí chuig an teorainn le hAlemanno San Bartolomeo, ansin in aghaidh srutha ag leanúint shruthán Lesina chomh fada le ceantar Carosso agus siar go reilig Palazzago.

(2) Ón teorainn idir na bardais Mapello agus Ambivere, leanann an líne an bóthar lena nasctar an dá lonnaíocht sin chomh fada leis an teorainn idir Ambivere agus Palazzago, ansin teorainn na mbardas sin chomh fada le Baracchino, agus ansin an bóthar chuig Brughiera – Gromlongo – Cerchiera agus an bóthar ó Valle San Martino go Mainistir Pontida; nascann sí leis an mbóthar chuig ceantar Canto suas chuig airde 357 m, ansin an cosán agus conair na gcairteacha feadh an droma idir gleannta Valle San Martino agus Val di Gerra chomh fada leis an mbóthar chuig Canto; leanann sí an bóthar ansin chomh fada leis an gceantar sin, agus ansin an cosán ó Canto chuig Cascina Porcile, sula leanann sí ar dtús an teorainn riaracháin idir bardais Pontida agus Sotto il Monte Giovanni XXIII, agus ansin an teorainn idir Mapello agus Ambivere, ansin ar ais chuig an mbóthar Mapello – Ambivere.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Cabernet Sauvignon N. — Cabernet

Chardonnay B.

Franconia N.

Incrocio Terzi n.1 N.

Merera N.

Merlot R.

Moscato di Scanzo N. — Moscato

Petit verdot N.

Pinot Bianco B — Pinot

Pinot Grigio — Pinot

Rebo N.

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

ATFC 'Valcalepio'

Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá an limistéar geografach timpeallaithe ó thuaidh ag réamhchnoic Alpa Bergamo, soir le Loch Iseo agus siar ag Monte Carlo, ar ceantar cnocach den chuid is mó é. Is iad na príomhfhoirmíochtaí geolaíocha atá le fáil i gcnoic Bergamo iad Selcifero Lombardo, an Maiolica di Bruntino, an ghnáthfhoirmíocht Sass de la Luna (nó Pietra di Luna) an fhoirmíocht chailcreach Sass de la Luna, turbaidítí mínghráinneacha, peilítí uachtaracha dubha, peilítí rua, Flysch Pontida, gaineamhchloch Sarnico, cloch Credaro, Flysch Bergamo, ithreacha sainchisil fhragaigh agus gláracha. Den chuid is mó, bíonn ithreacha créúla siosta le fáil sa cheantar cnocach siar ó thuaidh ó Bergamo, agus tá foirmíochtaí éagsúla créúla aolchloiche le fáil den chuid is mó soir i dtreo Loch Iseo.

Tá na trí phríomhchrios aeráide a leanas le fáil i gceantar Bergamo: cnoic an iarthair, cnoic an oirthir agus limistéar Trescore Balneario (ar gleann é).

Tosca daonna is ábhartha don nasc

'Ba chathair í Bergamo ina ndéantaí fíon, ó thaobh na talmhaíochta de. B'fhíonghoirt iad beagnach ceithre chúigiú de na limistéir á saothrú don talmhaíocht go dtí deireadh an 11ú céad. [...] Fiú amháin i bhfoisceacht na cathrach féin, sna bruachbhailte, bhí níos mó fíonghort le fáil ná an meán: baineadh leas as beagnach aon trian den tuath chun fíon a tháirgeadh.' Janut, J., Bergamo 568-1098 Is léir ón téacs céanna go mbíodh níos mó talún curtha le fíniúnacha (vinea) ná le barra eile (campus).

'Ní ann do shliabh eile a bhfuil an cion céanna agat dó, a Bhacchus an spraoi' Del Brolo, M., *Liber Pergaminus*, 1100-1112. 'Talamh an-torthúil atá ann agus táirgtear fíonta den scoth uaithi [...] Sansovino, F., *Ritratto delle più nobili et famose città d'Italia*, 1575. "[…] ó thaobh na cáilíochta de, níl sárú a fhíonta le fáil in aon cheantar máguaird. Tá gleannta Brembo agus Serio brataithe le fíonghoirt, óna dtáirgtear fíonta dearga agus geala den chéad scoth, a bhíonn réidh laistigh de 1 bhliain amháin agus nach gcuirtear ó mhaith go ceann deich mbliana iad" Bacci, A., *Storia dei Vini d'Italia*, 1596. "[...] Tá flúirse fíonta, castán, feola, cáise, ime le fáil sa cheantar..." Bisaccioni, M., *Relationi et descrittioni universali et particolari del mondo*, 1664. Luann Quinzani go dtagraítear i roinnt mhór cairteacha díolacháin, a dréachtaíodh san anallód, d'fhíonghoirt a bheith ar an talamh, rud a léiríonn an chaoi ar táirgeadh fíon lena linn agus an chaoi ar baineadh leas as mar mhodh íocaíochta. "[...] Sa bhliain 1187, trí ordú ó Chúirt na Róimhe, nuair a tugadh fearann Almenno d'Easpag Bergamo, leag Attone an coinníoll síos go dtabharfadh an tEaspag ceithre mholt, fíon, arán, plúr agus uibheacha do chanónaigh S. Alessandro chun raviólaí a dhéanamh gach bliain tar éis na Cásca [...]" Ronchetti, G., *Memorie*. Maíonn Marengoni gurb é "toradh an phósta idir an timpeallacht agus an oilteacht dhaonna" é an fíon: ní raibh i ndán do chnoic Bergamo agus dá saothróirí fíona ach fíonta a tháirgeadh, amhail Valcalepio agus Moscato di Scanzo'. Ba é an chaoi inar shaothraigh saoránaigh Bergamo fíniúnacha an t-ábhar a bhí faoi chaibidil i saothar Pier dè Crescenzi dar theideal *Opus Ruralium Commodorum* sa 14ú céad. Is léiriú ar an luach a chuir saoránaigh Bergamo san fhíon is ea an díospóid idir muintir Guelph agus Ghibelline faoin líon vaigíní (98 dar le muintir Ghibelline agus 60 dar le muintir Guelph) a goideadh le linn chreachadóireacht mhuintir Guelph ar mhuintir Ghibelline Scanzo; an 27 Feabhra 1398, bhí an cheist sin ar aigne an chroiniceora Castello Castelli ina shaothrú siúd *Chronicon Bergomense Guelpho-Ghibelllinum: ab anno 1378 usque ad annum 1407*. Sa bhliain 1569, scríobh saoránach de chuid Brescia Agostino Gallo faoi na teicnící den scoth a úsáideadh le fíniúnacha a shaothrú, sa chaibidil 'An chaoi a gcuirtear fíniúnacha timpeall ar Bergamo' ina leabhar siúd *Le venti giornate dell'agricoltura e dei piaceri della villa*. Luann Luciano Malachini an méid seo a leanas, in *Aspetti geo-morfologici della Val Calepio*(Tréithe geomoirfeolaíocha ghleann Calepio): 'Dá bhfiafrófaí d'áitritheoir uasal Bergamo cur síos a dhéanamh ar Val Calepio, smaoineoidís gan aon agó ar na fíonta a tháirgtear ann. Go deimhin, tá fánaithe na gcnoc brataithe le fíonghoirt mhéithe, agus cé nach bhfuil an oiread clú orthu le hais na ceantair eile atá eagraithe níos fearr ó thaobh na tráchtála de, ní lú a maitheas dá réir'. Scríobh an Dr. Bruno Marengoni faoi stair an fhíonsaothraithe i réigiún Bergamo freisin, go háirithe in aiste den teideal céanna i dtéacs Quinzani a luadh roimhe seo: '[...] Tá macasamhail réigiún Bergamo le fáil i roinnt mhaith réigiún fíonsaothrúcháin ó thaobh a seandachta de.

Tá roinnt acu níos torthúla ó thaobh táirgeachta de fiú. Ach is fánach an réigiún atá in ann an claochlú cáilíochta suntasach a tháinig le himeacht ama a shárú.'

Tá saintréithe orgánaileipteach sonracha ag fíonta ATFC 'Valcalepio' de bharr na gcineálacha táirgí agus cineálacha fíonchaor difriúla as a bhfuil siad déanta, mar a thugtar tuairisc orthu in Airteagal 6 den tsonraíocht, rud a cheadaíonn dóibh a shainaithint go soiléire agus a idirdhealaíonn iad ar bhonn a dtimpeallachta geografaí.

Tá cáilíocht agus saintréithe orgánaileipteacha na gcineálacha táirgí ATFC inchurtha i leith na timpeallachta geografaí, lena n-áirítear na tosca daonna a théann i bhfeidhm ar an bpróiseas táirgthe iomlán. Faigheann fíonta a saintréithe sonracha ó shaintréithe na hithreach, na haeráide agus na gcleachtas traidisiúnta agranamaíocha agus fíonóireachta de chuid réigiún Bergamo. Ó thaobh cúrsaí anailíseacha agus orgánaileipteacha de, tá saintréithe inmheánacha na gcineálacha fíonchaor óna ndéantar iad ag na fíonta sin, ag teacht ón timpeallacht agus ón aeráid ina bhfástar iad.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23144